Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Aibreán 2021
(OR. en)

8216/21

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0227(COD)

| | |
|---|---|
| CODEC 605 | ESPACE 37 |
| TELECOM 166 | CYBER 114 |
| AUDIO 44 | JAI 454 |
| EDUC 143 | DATAPROTECT 108 |
| COMPET 292 | FREMP 113 |
| RECH 176 | RELEX 366 |
| IND 103 | CADREFIN 205 |
| MI 289 | PE 43 |

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | **GLACADH NA nGNÍOMHARTHAREACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA**<br>Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an clár don Eoraip Dhigiteach le haghaidh na tréimhse 2021-2027<br>- An toradh ar an dara léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(An Bhruiséil, 26 go 29 Aibreán 2021) |

## I. VÓTÁIL

An 29 Aibreán 2021, dhearbhaigh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa go raibh an seasamh ón gComhairle[1] ar an gcéad léamh formheasta gan aon leasú.

Tá téacs an rúin reachtaigh ó Pharlaimint na hEorpa i gceangal leis an nóta seo.

1 6789/1/20 REV 1.

## II. GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA

Ós rud é gur fhormheas Parlaimint na hEorpa an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh gan aon leasú, measfar gur glacadh an gníomh atá i gceist san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, mar a fhoráiltear don mhéid sin in Airteagal 294(7)(a) CFAE.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Ardrúnaithe an dá institiúid, foilseofar an gníomh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

**(29/04/2021)**

## P9_TA(2021)0152

## An Clár don Eoraip Dhigiteach ***II

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2021 ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240 (06789/1/2020 – C9-0109/2021 – 2018/0227(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (06789/1/2020 – C9-0109/2021),

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 17 Deireadh Fómhair 2018[2],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 5 Nollaig 2018[3],

– ag féachaint dá seasamh ar an gcéad léamh[4] ar an togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2018)0434),

– ag féachaint d'Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do Riail 67 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A9-0119/2021),

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. á thabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir leis an seasamh ón gComhairle;

3. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le

---

[2] IO C 62, 15.2.2019, lch. 292.

[3] IO C 86, 7.3.2019, lch. 272.

[4] Téacsanna arna nglacadh an 17.4.2019, P8_TA(2019)0403.

hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

4. á threorú dá hArdrúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a bheidh sé fíoraithe go bhfuil na nósanna imeachta go léir curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArdrúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.